Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**9630/20**

**ECOFIN 592**
**UEM 239**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6297/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:<br>EU requirements for national budgetary frameworks: need to further strengthen them and to better monitor their application [Ceanglais an Aontais le haghaidh creataí buiséadacha náisiúnta: is gá iad a neartú a thuilleadh agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm]<br>– Conclúidí ón gComhairle (20 Iúil 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *EU requirements for national budgetary frameworks: need to further strengthen them and to better monitor their application* [Ceanglais an Aontais le haghaidh creataí buiséadacha náisiúnta: is gá iad a neartú a thuilleadh agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm], a ghlac an Chomhairle ag an 3766ú cruinniú a bhí aici an 20 Iúil 2020.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**
***EU requirements for national budgetary frameworks: need to further strengthen them and to better monitor their application* [Ceanglais an Aontais le haghaidh creataí buiséadacha náisiúnta: is gá iad a neartú a thuilleadh agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm]**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *EU requirements for national budgetary frameworks: need to further strengthen them and to better monitor their application* [Ceanglais an Aontais le haghaidh creataí buiséadacha náisiúnta: is gá iad a neartú a thuilleadh agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm].

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí agus moltaí na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun creataí buiséadacha Bhallstáit an Aontais a neartú, agus an freagra mionsonraithe ón gCoimisiún ina leith. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an chonclúid ón gCúirt Iniúchóirí gur chuidigh forálacha dlíthiúla an Aontais le forbairt agus neartú na rialacha fioscacha, na nósanna imeachta fioscacha agus na n-institiúidí fioscacha is bonn le stiúradh an bheartais bhuiséadaigh sna Ballstáit, cé go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí fós.

3. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá creataí buiséadacha náisiúnta d'inbhuaine an airgeadais phoiblí agus do chomhlíonadh an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gaol idir an réimse beartais a bhaineann le creataí buiséadacha náisiúnta agus inniúlachtaí fioscacha ceannasacha na mBallstát. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil tábhacht le húinéireacht náisiúnta agus gur cheart do cheanglais an Aontais éagsúlacht leordhóthanach creataí buiséadacha náisiúnta a cheadú i gcónaí chun na creataí sonracha dlíthiúla, institiúideacha agus nós imeachta sna Ballstáit a léiriú, agus comhsheasmhacht agus comhleanúnachas á n-áirithiú ar fud na mBallstát ag an am céanna.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt Iniúchóirí go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar cheanglais an Aontais maidir le creataí buiséadacha meántéarmacha agus institiúidí fioscacha neamhspleácha, agus go molfadh sé gníomhaíochtaí de réir mar is iomchuí chun a raon feidhme agus a n-éifeachtacht a fheabhsú.

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh ón gCúirt Iniúchóirí go ndéanfadh an Coimisiún faireachán, ar bhonn rialta, ar fheidhmiú na gcreataí náisiúnta buiséadacha. AITHNÍONN SÍ gur gá do na Ballstáit faisnéis mhionsonraithe a sholáthar chun an faireachán sin a dhéanamh, faisnéis a mheasfadh an Coimisiún ina dhiaidh sin bunaithe ar mhodheolaíocht iomchuí. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an t-ualach riaracháin a ghabhfaidh leis an bhfaireachán sin a íoslaghdú.

7. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí measúnú trédhearcach intuartha ar chomhlíonadh rialacha fioscacha an Aontais, agus TACAÍONN SÍ leis an idirphlé agus leis an roinnt faisnéise idir an Coimisiún agus na hinstitiúidí neamhspleácha fioscacha.

8. AONTAÍONN SÍ le measúnú Chúirt na nIniúchóirí go raibh an Bord Fioscach Eorpach in ann tuairimí neamhspleácha a thabhairt. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh neamhspleáchas an Bhoird a neartú agus ag an am céanna aithníonn sí conclúid na Cúirte Iniúchóirí go bhféadfaí feabhas a chur ar na socruithe institiúideacha atá mar bhonn agus mar thaca don Bhord Fioscach Eorpach.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún le formhór na moltaí ón gCúirt Iniúchóirí. IARANN SÍ ar an gCoimisiún iad a thabhairt ar aghaidh agus príomhthorthaí agus príomh-mholtaí na Cúirte Iniúchóirí a chur san áireamh freisin, agus an díospóireacht atá ar siúl faoi láthair faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar Rialachas Eacnamaíoch a foilsíodh ar an 5 Feabhra 2020 á tabhairt chun críche.